



iarrann cosc a chur ar an féinmharú agus a sholáthraíonn tacaíocht chuí agus cúram dóibh siúd atá ag smaoineamh ar an féinmharú, agus dá dteaghlach.

Ba mhaith linn spreagadh a thabhairt do Chríostaithe agus do Chomhluadair Paróiste smaoineamh ar shlite chun teagmháil a dhéanamh agus chun cúram a thabhairt dóibh siúd, in aice leo, a mbeadh i mbaol féinmharaithe agus dóibh siúd freisin atá ag fulaingt de bharr féinmharú comharsan.

*Teastaíonn ón Eaglais cúram agus dlúthchumann a léiriú dóibh siúd a chreideann, ar chúis ar bith, nach bhfuil tábhacht ar bith ag baint lena saol agus atá i mbaol an bheatha a thréigean.*

**Tá ról againn go léir – gaoch meithle ar son cultúr na beatha**  
Dearbhaíonn cultúr na beatha luach dúchasach na beatha ag gach tréimhse den saol. Tá sé mar aidhm aige timpeallacht le hatrua agus le cúram a thógáil a thabharfaidh cothú don bheatha, fiú i measc eachtraí daonna agus cúinsí pearsanta atá dúshlánach.

Tá sé mar fíis ag teagasc sóisialta Caitlicigh nach mbeadh aon duine imeallaithe nó curtha i leataobh. Tá luach agus fiúntas dúchasach ag gach duine nach dtagann ón Rialtas nó ón Stát, ach ó chroí dílis Dé. Tá deis againn go léir i rith *Bliain an Chreidimh*, ár ndílseacht mar Chríostaithe a athnuachan, chun cultúr na beatha a chur chun cinn agus chun daoine eile a chur in aithne Chríost trí chaighdeán an ghrá agus caighdeán an churaim a léirimid dóibh ina ainm.

Tógaimid an deis seo, mar Chríostaithe, cuireadh a thabhairt do gach duine a bhfuil dea-thoil acu agus dóibh siúd a dteastaíonn uathu sochaí níos fearr a chothú don duine daonna, luach úrnua a thabhairt don ghrá neamhleithleach agus do chúram don chomharsa, i ngach gné den saol – go sóisialta, go polaitiúil, i gcúrsaí eacnamaíochta agus sa saol cultúrtha. Sa chaoi seo beidh mar bhuanchaighdeán againn an ómós don dínit dúchasach agus don bheatha lómhar, ón ghiniúint go dtí an bás nádúrtha, nuair atá breith á thabhairt againn ar an bheatha.

## Paidir Lá don Bheatha

A Mhuire Naofa, Máthair an Ghrá,  
ag iompar i do bhaclainn, toradh do bhroinne,  
féach go grástúil ar an domhan seo agus bain de  
gach a chruachan ár gcroíthe agus gach a dhallan  
ár súile  
maidir le lómhar na beatha,  
ó uair na giniúna go dtí an bás nádúrtha.

Trí shampla do armacas  
tabhair teagasc dúinn ar bhealach na taise agus ar  
bhóthar an ghrá  
i dtreo is go dtógfaimid sibhialtacht an ghrá  
eadrainn féin  
agus sochaí fiúntach a bheidh oiriúnach don duine  
daonna.

Cabhraigh linn diúltú le gach a chuireann le cultúr  
an bháis,  
agus obair le daoine eile a bhfuil dea-thoil acu  
chun cultúr na beatha a chur chun cinn.

Tabhair sinn níos cóngaraí le do Mhac,  
i dtreo is go mbeidh aithne againn ar iomláine na  
beatha a ofráileann sé dúinn  
agus i dtreo is go mbeidh léargas níos mó againn  
ar an bheatha síoraí leatsa agus leis na haingil agus  
leis na naoimh go léir sna Flaithis.

Áiméan.



Déantar Lá don Bheatha a cheiliúradh gach bliain ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn, in Albain, sa Bhreatain agus sa Bhreatain Bheag. Lá atá ann chun tuiscint a chothú ar bhrí agus ar fhiúntas an bheatha daonna ag gach céim agus ag gach staid den saol: [www.dayforlife.org](http://www.dayforlife.org)

## Acmhainní

Láithreáin Ghréasáin

[www.catholicbishops.ie](http://www.catholicbishops.ie)

Láithreán gréasáin Comhdháil Na nEaspag Éireannach

[www.dayforlife.org](http://www.dayforlife.org)

Láithreán gréasáin Lá don Bheatha

Roghnaigh an Bheatha

Láithreán Gréasáin: [www.chooselife2013.ie](http://www.chooselife2013.ie)

Twitter: @ChooseLife2013

Facebook: Choose Life 2013

Foilseacháin Ábhartha

*Evangelium Vitae* (Soiscéal na Beatha)

1995 Imlitir an Phápa Eoin Pól II

Roghnaigh an Bheatha

Tréadlitir ó

Chomhdháil na nEaspag Éireannach 2012

*Mar shochaí ní mór dúinn cúram a thabhairt dár cúramóirí agus a áiritiú go mbíonn na háiseanna agus an tacaíocht acu chun obair fhónta a dhéanamh.*



[www.catholicbishops.ie](http://www.catholicbishops.ie)



Irish Catholic  
Bishops' Conference



@catholicbishops



[www.youtube.com/user/  
IrishCatholicBishops](http://www.youtube.com/user/IrishCatholicBishops)



VERITAS  
[www.veritas.ie](http://www.veritas.ie)

LÁ DON BHEATHA  
An Domhnach, 6ú Deireadh Fómhair 2013

# Cúram na Beatha: Is fiú é

*Ag admháil  
ár gCreideamh  
i gCultúr na Beatha*



IRISH CATHOLIC  
BISHOPS' CONFERENCE  
COMHDHÁIL NA nEASPAG CHAITLICEACH ÉIREANN



Roinnt blianta ó shin, nuair a bhí Aifreann á cheiliúradh in onóir Naomh Raymond Nonnatus, éarlamh mná le haghaidh clainne agus mná cabhrach, labhair an Pápa Proinsias go simplí agus go hálainn faoi céard atá i gceist cultúr na beatha a chur chun cinn:

‘Múineann Íosa dúinn cúram a bheith againn don bheatha toisc gur íomhá DÉ, absalóid na beatha, atá inti. Ní féidir linn aon rud eile seachas an bheatha a chraobhscaoileadh, agus í a chraobhscaoileadh ó thús deiridh.

Ní mór dúinn go léir cúram a bheith againn don bheatha, an bheatha a chaomhnú, le harmacas, le dúthracht ... séard atá i mbronnadh na beatha ná an croí a oscailt, agus séard atá i gcúram na beatha ná an saol a chaitheamh in armacas agus i ndúthracht don chomharsa, imní ó chroí a bheith againn do dhaoine eile.

Cúram a bheith againn don bheatha ó thús deiridh. Nach simplí agus nach álainn an rud é ... Mar sin Imígí agus ná bíodh díomá oraibh. Bíodh cúram agaibh don bheatha. Is fiú é!’

Aitheasc a thug an Cairdinéal Jorge Mario Bergoglio, Pápa Proinsias anois, i rith Aifreann in onóir Naomh Raymond Nonnatus, éarlamh mná le haghaidh clainne, an Airgintín (31ú Lúnasa 2005)

### Mar fhreagra ar fhocail an Pápa Proinsias – conas is féidir linn cultúr na beatha a chur chun cinn?

Is féidir linn cultúr na beatha a thiomsú trí atrua agus cúram a bheith againn do dhaoine eile, ach go háirithe dóibh siúd atá leochaileach, agus trí chomhrá a dhéanamh ar an gá atá ann do chúram na beatha. Séard atá i gceist ná an bheatha a aithint mar aonad, cúram a thabhairt di mar ‘ionar gan uaim’, ag síneadh ón bhreith nádúrtha go dtí an bás nádúrtha. Tá trí saincheist ón ionar gan uaim seo cultúr na beatha is cúram dúinn i láthair na huaire:

#### Cúram do leanaí sa bhroinn agus cúram dá máithreacha

Déanann an Eaglais dícheall beatha leanaí sa bhroinn agus beatha a máithreacha a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh – go praiticiúil, go mothúchánach agus go spioradálta. Tá dualgas orainn mar pharóistigh, mar thuismitheoirí, mar pholaitheoirí agus mar bhaill de ghairmeacha a bhaineann leis an dlí, le cúram agus le leigheas, gach ar féidir linn a dhéanamh chun cultúr na beatha a thiomsú trí spreagadh a thabhairt don sochaí ina dlíthe agus ina chleachtadh míochaine beatha leanaí sa bhroinn agus beatha a máithreacha le haghaidh clainne a chosaint agus aire a thabhairt dóibh. Bronntanas lómhar atá sa bheatha, ón ghiniúint go dtí an bás nádúrtha. Is beannaithe iad beatha na máthar agus beatha a linbh sa bhroinn agus tá comhchosaint tuillte ag an bheirt acu.

### *Déanann an Eaglais dícheall beatha leanaí sa bhroinn agus beatha a máithreacha a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dóibh – go praiticiúil, go mothúchánach agus go spioradálta.*

Tá Dia, ár nAthair grámhar, trí Shacraimint an Athmhuintearais, réidh i gcónaí barróg a bhreith le tuiscint agus le hatrua orthu siúd idir fir agus mná a bhfuil doilíos orthu de bharr ginmhilleadh agus a thagann chuig faoistin ag lorg maithiúnas, athmhuintearas agus aspalóid.

#### Cúram do dhaoine aosta

Gairm usal í bheith ag tabhairt aire do dhaoine aosta. I rith na haoiseanna agus sa lá atá inniu ann, ról ceannaireachta a bhí i gcónaí ag an Eaglais, sa saothar seo.

Is cuma an cúramóir sa bhaile nó cúramóir proifisiúnta atá ionam, cuirim le cultúr na beatha nuair a fhéachaim ó radharc na ndúshlán a thagann go minic nuair a thugtar cúram do dhuine faoi riachtanais speisialta fisiciúil nó a bhfuil



meabhairghalar orthu, agus aire a dhíriú ar an dínit dúchasach agus ar chinniúint síoraí an duine atá faoi mo chúram. Mar Chríostaithe, is féidir linn na dúshlán a thagann ar uaireamh nuair a thugtar cúram do dhaoine eile, a oifráil mar íobairt spioradálta agus mar deis fáis i ngrásta agus i naofacht pearsanta.

Is iomaí indibhidí agus institiúidí a sholáthraíonn cúram iontach do dhaoine aosta, ach le déanaí cloistear tuarascálacha díshocraíochta faoi chúram easnamhach á thabhairt do dhaoine aosta agus do na heasláin. Go minic bíonn fréamh den dearcadh forleathan seo le fáil sa chur chuige seo a leanas a rinne an Pápa Proinsias cur síos air: ‘tá an seanfhear seo nó an seanbhean seo gan mhaith; caith uait iad, faoi mar a chuirtear cóta báistí i leataobh i rith an tsamhraidh ... mar earraí aon uaire atá iontu, tá siad gan mhaith’.

Ar an lámh eile de, glacann cultúr na beatha grá pearsanta a spreagann. Grá atá ann, a ligeann dúinn sinn féin a aithint i ngach duine eile, agus a chuireann iallach orainn an duine sin a chosaint faoi mar a dhéanaimid dúinn féin. Tá an grá seo le sonrú go praiticiúil san atrua agus sa chúram atá againn dóibh siúd atá leochaileach. Glacann sé leo siúd a mbeadh i mbaol faillí nó i mbaol diúltaithe de bharr an dearcadh ‘costas is tairbhe’ atá mar chur chuige don bheatha agus don chúram – cur chuige a fheictear á méadú sa sochaí i láthair na huaire.

Mar shochaí ní mór dúinn cúram a thabhairt dár cúramóirí agus a áirithiú go mbíonn na háiseanna agus an tacaíocht acu chun obair fhóna a dhéanamh.

#### Cúram dóibh siúd atá i mbaol féinmharú agus cúram dá dteaghlach

Ábhar mór imní é minicíocht an féinmharaithe, ach go háirithe i measc fir óga.<sup>1</sup>

Cuirimid mar achainí orthu siúd a mbeadh smaointe féinmharaithe acu, cabhair agus cúnaimh a lorg ó dhaoine in aice leo, ach go háirithe ó na gníomhaireachtaí deonacha agus ó na gníomhaireachtaí reachtúla a bhfuil cleachtadh acu tacaíocht chuif a sholáthar. Cuirimid mar achainí oraibh an bheatha a roghnú, thar an bás. Cuirimid mar achainí oraibh gan a bheith meallta ag an bhréag gur cabhair ar bith é, i gcás ar bith, tú féin a mharú nó gur réiteach maorga é an féinmharú. Ní réiteach riamh é an féinmharú.

Go minic, nuair a thagann an bás trí féinmharú, méadaítear go mór ar na deacrachtaí a bhíonn acu siúd atá beo ina ndiaidh. Caitear scáth fada le buairt, le pian agus le mearbhall ar an teaghlach, ar chairde agus ar an chomhlúadar i gcoitinne.

Tá sé tábhachtach an tuairim a sheachaint go bhfuil leibhéal éigin féinmharaithe dosheachanta sa sochaí agus mar sin go bhfuil sé infhulaingthe. I dtuarascáil bhliantúil úrnua na Samaritans deirtear go gcreideann siad ‘that a reduction in suicide is not only possible but that it is an urgent and important priority’.<sup>2</sup> Tógaimid an deis mar Eaglais, tacaíocht a thabhairt don dearcadh sin inniu. Iarraimid ar an Rialtas tosaíocht a thabhairt do na straitéisí agus do na seirbhísí sin a

<sup>[1]</sup> Féach *Suicide Statistics Report 2013: don Bhreatain agus d’Éirinn*, ag na Samaritans.

<sup>[2]</sup> *Ibid.*, leath 4.